ḃFUIL NA TOĠAĊÁIN MÍ-ḊLEAṪAĊ SA ĠAELTAĊT?

I mBéarla a ḃí na fógraí na clár liostaí

Dá mbeaḋ na toġċáin seaċtain níos moille, ḃeaḋ an clár-liosta nua ḃótóirí i ḃfeiḋm, agus d'ḟéadfaḋ go mbeaḋ an toġċán mí-ḋleaṫaċ i dTírċonaill ṫiar-ṫeas aċ go h-aiṫnid.

Ḋiúltaiġ Comairle Condae Ṫírċonaill, na fógraí is gá a ṫabairt do ṗobal Ġaeltaċta Ṫírċonaill, ina ngnáṫeanga féin. Agus mar sin, dealraíonn sé go ḃféadfaḋ aon duine den ṗobal sin, ar dearnaḋ leaṫċeal air, aċaine do ḋéanaṁ leis an toġċán do ċur ar ceal.

Tá a leiṫéid de ċeist tógṫa ċeana ag an toġċán, ag fear darb ainm Caoiṁín Etchingham. Bealtaine, Co. Cill Mántain, toisc nár cuireaḋ an cárta ḃótála ċuige tré Ġaeilge.

I nGaeilge a ċuir sé síos a ainm agus a ṡeolaḋ, don ḃailiṫeoir rátaí, aċ i mBéarla a ḃí na cártaí nuair a ṫáinig siad ċuige, tríd an ṗost.

Rinne sé agóid i gcaint agus i scríḃinn leis an Oifigeaċ i mbun an Stáisiún Ḃótála, agus d'iarr sé go gcuirfí faoi ḃráid an Ceann Comairiṁ é. Dúirt sé go raiḃ íontas agus állṫaċt air nuair a fuair sé na cártaí as Béarla, rud a ḃí ag déanaṁ beag den teanga náisiúnta.

D'iarr sé ar an Oifigeaċ ceannais ag an stáisiún, an agóid scríofa a ċur ċuig an Ceanncomairiṁ, i gCo. Cill Manntáin sula dtosnófaí ar an ċuntas, mar gur ṁeas sé go raiḃ cúis ann fá ċoinne aċaine leis an toġċán a ċur ar ceal, toisc nár tugaḋ aiṫint do ṫáḃaċt na teangan Gaeilge.

Tá éagóir mar seo ḋá ḋéanaṁ ar ṗobal na Gaeltaċta le daċad bliain anuas, aċ, tá oiread taiṫní acu air anois, agus go gcuireann siad suas leis, toisc go ḃfuil sé níos éasca sin a ḋéanaṁ ná trioblóid a ċuirfeaḋ agóid orṫa. Is maiṫ an rud go ḃfuil duine aṁáin ḋá ḋéanaṁ.

Is cinnte go ḃféadfaí toġċán a ċur ar ceal ins na ceantair Gaeltaċta, muna gcomlíonn na h-údairisí áitiúil a ndualgas don ṗobal insan ġnáṫeanga.

BAGAIRTÍ AR CRAOḂAĊA NA nGLACFAIḊ LE PÁIPÉAR BÁN

Tá aċrann ag éirí níos géire sa gconnra faoi an iarraċt atá á ḋéanaṁ ag an luċt ceannais ar an páipéar bán a brú ar an gna ṁuintir.

Anois tá iarraċt á ḋéanaṁ ar na craoḃaċa is glórai i gcoinniḃ an Ṗáipéir a ċosc ó laḃairt ag an Árd Ḟeis agus tá sin bagarṫa ar ceann de na craoḃaċa is brioṁara sa tír go léir—Craoḃ an Craoiḃín Aoiḃinn i gCorcaí.

Deallraíonn sé anois gur Coiste an AINGID a glac leis an Páipéar Bán agus gur cuireaḋ cóipeanna ċucu roiṁré sa gcaoi go mbeaḋ an ráiteas réiḋ acu.

Ḋiultaiġ Coiste Condae na Gaillime de agus craoḃaċa ar fud na tíre.

TIR NA nOG

COLÁISTE CRÓNA

Ára Mór,
Tírċonaill.

Nuair a ṫiocfas an Samraḋ 's teas insan spéir
Fág slán ag na leaḃair a's ag saoṫrú an léinn,
Ḃí linn ins na báḋaí ċuig Uí Ḃreasail na nGael
A's i nÁrainn an Aoiḃnis geoḃair spórt agus scléip.

Cursaí

30/6/65 —— 24/7/65
27/7/65 —— 20/8/65

Clár agus gach eolas ó'n Rúnaí, Coláiste Cróna, Ára Mór
no AMARACH, Ceanannus Mor.

Cuir d'áit in áirithe gan mhoill.

EAGRÚ AR AN CÓSTA IARṪARAĊ AR FAD

MOLAḊ DO ĊOMARĊUMAINN

Ag laḃairt dó in Nuaport, Co. Ṁuigeo, an tseaċtain seo caite, dúirt an tAṫair Mac Duiḃir, S.C., Gleann Colmcille, naċ mbeaḋ siad teoranta le Muigeo aṁáin, nó Connaċt, aċ naċ stopfaḋ coiste cosanta an Iarṫair go mbíoḋ an tír go léir ó Dún na nGall go Corcaí eagraiṫe acu.

Ḃí fáilte acu, adúirt sé, roiṁ na ráiteasaí le tamall, go dtaḃarfaiḋ dóṫain capital do feilméaraí beaga an Iarṫair, aċ, ḃí siad a' molaḋ go speisialta go mbunófaí Comarċumainn Feilméaraċta in gaċ paráiste nó ceantar, le forbairt tapaí a ḋéanaṁ ar maoin an ċeantair.

Ṫug sé comairle freisin, faoi comair Ċumainn Iascairí agus feilméaraí caoraċ, agus dúirt sé gur ḃreá an rud slaḃra de linnte gliomaċ a ḟeiceáil ṫart timpeall cósta na hÉireann faoi stiúrú Gael.

Ṁol sé an obair a ḃí ar siúl ag Cumann Feilméaraí Caoraċ, Liospól, mar ṡompla den rud a d'ḟéadfaí a ḋéanaṁ insan margaḋ ionṁuiriṫe.

Ḃéaḋ fáilte acu roiṁ Ḃord Olna, dá mbeaḋ siad ag obair ar feaḃsú caiġdeán olna, agus taiġde insan ṁargaḋ. Aċ, má ḃí siad le praifil a ḃaint de na feilméaraí beaga, ní raiḃ fáilte ar biṫ acu fána gcoinniḃ. Comarċumainn Olna ab' ḟearr a d'oireaḋ, adúirt sé.

GLEANNĊOLMCILLE

Comairle Paraiste Gníoṁaċ

Ag an ċruinniú míosúil do Ċomairle Paráiste Ġleannċolmcille. ceapaḋ Seán Ó hÉanaí, Ceann na Coille, duine de ḃaill ċoiste stairiúil Ḋún na nGall mar ionadaí an Ċomairle Paráiste, ċun fiosrú a ḋéanaṁ ar an ċaoi ab' ḟearr leis na sean leaċtanna agus cuiṁneaċáin . insan paráiste a ċaoḃnú agus a ċoinneáil slán. Seán Mac Guiḋir, bainisteoir an Óstán Gleann Ḃáiġe, a ṫóg an ċeist, faoi iarsmaí seandálaíoċt agus staire, in -san ċeantar, adúirt sé a ḃí i ndainséar go scriosfaí iad.

Ag plé ceist éanlaiṫ agus ainmiṫe créaċta, dúirt Séamas Mac Guiḋir, agus daoine eile ó Ṁálainn Ḃeag, go raiḃ na madaí rua iontaċ líonṁar insan áit sin. Cinneaḋ go mbeaḋ lá marḃaiṫe éanlaiṫ agus ainmiṫe créaċta ⁊ go ndéanfaí ionsaí iomlán ar madaí rua, broic, préaċáin liaṫ, agus snag breac. Socrófar an lá roiṁ ḋeireaḋ na míosa.

Dúirt Tomás Purcell, ó Ċomaran Eargaill, imireoir ar ḟoireann Ḋún na nGall insan iománaíoċt, go ḃfuil cúpla foireann do ḃuaċaillí óga aige san ċeantar ar ṁaiṫ leo eolas a ċur ar an iomáint.

Ṫug an comairle paráiste údarás don Uasal Purcell dóṫain camáin a ṡoláṫar agus tosaiġ ag traenáil na mbuaċaillí.

Dúirt Seán Mac Guiḋir faoi scéimeanna uisce, nuair a críoċnaíoḋ scéim dúṫaiġ Dún Alt, gur tosnaíoḋ an obair ar scéim Ḃaile Árd, Cloċán, agus go raiḃ sé gar a ḃeiṫ críoċnaiṫe anois.

Ḃí luċt na dtiṫe féin ag leanúint den obair a ṫosaiġ na micléinn sa tsaṁraḋ.

Dúirt sé fosta, go ndeaċa an tAṫair Mac Duiḃir agus é féin ċuig an Comairle Condae, fá dtaoḃ de ċom práinneaċ agus a ḃí an scéim uisce do Ṁálainn Mór agus Málainn Ḃeag. Ḃí siad ag súil leis sin gan ṁoill.

Dúirt Áine Nic Ḟionnlaoiċ, O.S., go raiḃ na ranganna daṁsaí Gaelaċ ḋá ḃfreastal go maiṫ ag na páistí sa ċeantar.

Ag freagairt ceiste ó Pádraic Ó Éicín, Sraiṫ Ḃuí, dúirt Máire Bean Uí Ċuinneagáin, naċ ḃfuair siad aċ freagra diúltaċ fá dtaoḃ de leictreaċas do Loċar a' Ṫoirc.

Ṫug Gearóid Mac Giolla Easpaig, tuairisc ar pionúr liaṫróid láiṁe do Ṁálainn Ṁór, ⁊ dúirt sé go ḃfuartas suíoṁ fá na ċoinne. Ḃí siad ag súil le deontas Gaeltaċta fána ċoinne.

Dúirt Máire Bean Uí Eaḋra go raiḃ siad ag súil le níos mó turasóirí sa ċeantar i mbliana, agus go raiḃ níos mó tiṫe le freastal orṫa. Ṫug Liam Ó Cuinneagáin cuntas ar na pleananna a ḃí aige le feaḃas a ḋéanaṁ ar iascaireaċt intíre. Ḃí droċ ḋóiġ ar na h-uiscí iascaireaċta seo agus ba gná forbairt a ḋéanaṁ orṫa.

Nuair adúirt Tomás Ó Donnċaḋa. naċ raiḃ aon rud aige le cur leis an tuairisc deireannaċ a ṫug sé ḋíoḃa fá tiṫe, ḃí aċan ḋuine den ċomairle paráiste iontaċ mí-ṡásta fán ṁoill a ḃí leis na tiṫe a ḃí an Comairle Condae le tógáil do ḋaoine ar leiṫ. Tá teaġlaċ aṁáin a ḃfuil an droċ ḋóiġe ar an teaċ ceanntuí atá tógṫa le ós cionn 150 bliana.

BAILE NA FINNE

An ḃfuil deireaḋ le aonaċ Ḃaile na Finne? Sin ceist a ḃí ḋá ċur ar an 3ú lá den ṁí seo, nuair naċ raiḃ stoc ar biṫ ar tairiscint ar an aonaċ. Deirtear gurb iad na ceannaiṫeoirí ag dul ṫart fríd na bailte is cúis leis, aċ d'ḟéadfaḋ sé go mbeaḋ na daoine buarṫa go fóill mar b'ḟearr an seans a ḃeaḋ acu ar an aonaċ, an áit a mbeaḋ ceannaiṫeoirí in éadan a ċéile, agus coiṁlint ṁaiṫ ann.

Cúis bróin sa ċeantar bás Neillí Ḃean Toland, Mín na Sróna, Ḃaile na Finne. Ḃí aois mór aici agus ní raiḃ an tsláinte ró ṁaiṫ aici le tamall anuas. Níṫear coṁḃrón lena fear céile, Pádraic Toland, agus a gaolta. Ċuaiġ an tórraṁ go reilig Ḃaile na Finne, indiaiḋ Aifreann na Marḃ, a léiġ an tAṫair S. Mac Ḟloinn, S.C., adúirt na paidreaċa ag an uaiġ com maiṫ.

Níor cuireaḋ mórán ar biṫ suime san ḃótáil ṫart timpeall an ċeantair seo. Leis an ḟírinne a ḋéanaṁ, is beag den dream óg atá sa ḃaile anois, nó ḃeaḋ níos mó acu le fáil le ḃóta a ṫaḃairt taoḃ ṫall den uisce.

OILEÁN CLÉIRE

I nGaeilge a ḃíonn an tAifreann in Oileán Cléire agus bíonn an pobal go léir páirteaċ ins na paidreaċa. Níl aon easpa Gaoḋlainne ar éinne.

Tá gaċ socrú déanta anois don gcúrsa saṁraiḋ ar an Oileán agus tá pobal an oileáin ana ṡásta ar fad go ḃfuil sé aṁlaiḋ. agus ana ḃuíoċ do Ġaelaċaċ Teo. i gCorcaí, as an iarraċt seo do ḋéanaṁ. Gan aṁras ar biṫ, beiḋ ionad an taiṫneaṁaċ do saoire anseo, ċom maiṫ le Gaeilge.

GUṪ DON IARṪAR

Táṫar le cruinniú ionadaċ de coistí tráċtála ó Luimneaċ, Sligeaċ, Caṫair na Mart, Gort Inse Guaire, Ennis agus Gaillim, a ṫaḃairt le ċéile, i nGaillim ċun laḃairt ar son an Iarṫair. Ag fógrú seo ag cruinniú de ċoiste tráċtála na Gaillime. dúirt caṫaoirleaċ an ċoiste, an tUasal C. Ó Súilleaḃáin, gur ṁaiṫ an rud go mbeiṫfí inann laḃairt le aon guṫ aṁáin ar son an Iarṫair.

LÉIĠ AMÁRAĊ

Ma's maith leat an Ghaeilge beo a labhartar i Ros Goill agus Ros Muc, i dTeilionn agus in Uibh Rathach, i gCloicheanntaola agus i gCorca Duibhne, i Ros Dumhach agus sa Rinn, i nGaoth Dobhair agus i gCeathrú Rua, léifidh tú AMÁRACH.

Ma's maith leat a bheith ar an eolas fá'n Ghaeltacht agus saol na Gaeltachta agus an rud atá á rá sa Ghaeltacht léifidh tú AMÁRACH.

Ní chosnann cóip gach seachtain saor tríd an phost ach 30/-.

Líon an fhoirm thíos agus postáil inniu é le 30/-.

Ainm ... ...

Seoladh ... ...

Síntiús ... ... istigh do cóip de AMÁRACH

ó ... ... go ... ...

TAOIDE BARRLÁN

Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
24-4-65	0.25	13.35	——	12.52	10.42	23.33
25	1.55	15.02	1.13	14.19	——	12.06
26	3.12	16.01	2.29	15.18	0.56	13.24
27	4.12	16.44	3.29	16.01	2.01	14.26
28	4.51	17.19	4.08	16.36	2.51	15.11
29	5.28	17.53	4.45	17.10	3.35	15.53
30	6.04	18.27	5.21	17.44	4.16	16.33